# Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí

## Tuarascáil Bhliantúil 2020

Ireland's European Structural and Investment Funds Programmes 2014-2020
Co-funded by the Irish Government and the European Union
EUROPEAN UNION
Investing in your future
European Social Fund
Rialtas na hÉireann
Government of Ireland
QQI AWARD

## Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí

**Cóiríocht Príomhoifige**
Lárphointe

**Bunscoil (Pobalscoileanna Náisiúnta)**
Scoil an Ghleanna Pobal Scoil Náisiúnta
Pobalscoil Náisiúnta Thathuile
Pobalscoil Náisiúnta an Dá Mhíle

**Bunscoil**
Coláiste Pobail Oileán Ciarraí
Scoil Chuimsitheach an Tóchair
Coláiste Gleann Lí
Coláiste na Ríochta
Coláiste na Sceilge
Gaelcholáiste Chiarraí
Coláiste Pobail Chill Airne
Coláiste Pobail Chill Orglan

**Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna Chiarraí**
Coláiste Chiarraí, Oifig Iontrála
Coláiste Chiarraí, Campas Bhóthar na Claise
Coláiste Chiarraí, Campas Shráid Deiní
Coláiste Chiarraí, Campas Lios Tuathail
Coláiste Chiarraí, Campas Mhóin an Bhaile
Coláiste Chiarraí, Campas Oideachais agus Oiliúna Faoin Aer, Ceapaigh na Lao *(lena n-áirítear, Ionad Oideachais Pháirc Náisiúnta Chill Airne)*

**Breisoideachas agus Oiliúint**
Ionad FET an Tóchair
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna an Daingin
Ionad FET an Neidín
Ionad FET Uí Chonaill
Ionad FET Tech Amergin

**Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (VTOS)**
VTOS Chill Airne
VTOS Chill Orglan
VTOS Lios Tuathail
VTOS Thrá Lí

**Litearthacht Aosach agus Bunoideachas**
Ionad Pobail Oileán Ciarraí
Ionad ABE Chill Airne
Ionad ABE Chill Orglan
Ionad ABE Lios Tuathail
Ionad ABE Thrá Lí

**Ógtheagmháil**
Ógtheagmháil Chill Airne
Ógtheagmháil Lios Tuathail
Ógtheagmháil LCA Thrá Lí
Ógtheagmháil Thrá Lí

**Ionad Spóirt**
Tralee Regional Sports and Leisure Company (Faoi Theorainn Ráthaíochta)

**Scoileanna Comhpháirtíochta**

| Scoil | Ionadaíocht BOO Chiarraí ar an mBord Bainistíochta |
|---|---|
| Pobalscoil Inbhear Scéine | 3 |
| Pobalscoil Chorca Dhuibhne | 3 |
| Scoil Phobail Sliabh Luachra | 3 |

# Clár an Ábhair


| | |
|---|---|
| Pobal BOO Chiarraí | 5 |
| Focal Fáilte ón gCathaoirleach | 6 |
| Réamhrá leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin | 7 |
| An Creat Feidhmíochta Straitéiseach | 8 |
| An tSamhail Tuairiscithe | 9 |
| An Ráiteas maidir le Seirbhísí | 10 |
| Bearta Feidhmíochta | 20 |
| Tuarascálacha Straitéiseacha | 26 |
| Rialachas Corparáideach agus Airgeadais | 28 |
| AGUISÍN I: Gluais Téarmaí agus Liosta Táblaí | 34 |
| AGUISÍN II: Cuspóirí Straitéiseacha Mionsonraithe | 36 |

# Príomhfhigiúirí don bhliain 2020[1]

**2,632**
**DALTA**

- bunscoil 58 acu
- iar-bhunscoil 2,574 acu

**10,848**
**FOGHLAIMEOIR**

- Coláiste Chiarraí 2,393 acu

**TÁ 180 CÚRSA LÁNAIMSEARTHA AGUS PÁIRTAIMSEARTHA AR FÁIL I GCOLÁISTE CHIARRAÍ**

**1,000 COMHALTA FOIRNE**

**TÁ 500+ PRINTÍSEACH Á BHFOSTÚ AG 227 FOSTÓIR I gCONTAE CHIARRAÍ**

**Níl aon táillí iarratais, táillí teagaisc, táillí scrúdaithe nó táillí teastais ar chláir lánaimseartha**

**FUARTHAS 5 CEIST PHARLAIMINTE**

**TÁ OS CIONN 800 GAIREAS CEANNAITHE DON FHOIREANN, DO NA DALTAÍ AGUS DO NA FOGHLAIMEOIRÍ**

**FUARTHAS 14 IARRATAS AR SHAORÁIL FAISNÉISE**

**TÁ PLEAN FOLLÁINE AG GACH IAR-BHUNSCOIL AGUS AG 1 POBALSCOIL NÁISIÚNTA**

[1] *Is féidir glacadh mar circa leis na figiúirí ábhartha go léir.*

# Pobal BOO Chiarraí

## Misean agus Croíluachanna

**Tá sé mar mhiseann ...**

againn sochaí foghlama ar feadh an tsaoil a chur chun cinn agus a fhorbairt i gCiarraí, ionas go mbeidh rochtain ag an uile dhuine a chónaíonn i gCiarraí ar an oideachas agus ar an oiliúint atá riachtanach chun a lánacmhainneacht a bhaint amach agus freastal ar a riachtanais phearsanta, shóisialta, chultúrtha, eacnamaíochta agus shibhialta.





ARDÚ
**30%**
AR IARRATAIS
AR CHÚRSA FET

TÁ GACH SCOIL
RANNPHÁIRTEACH I GCLÁR NA
**Scoileanna Glasa**

**82%**
CLÁRÚCHÁIN
AR LÍNE

(91% DO CHLÁIR FET LÁNAIMSEARTHA AMHÁIN)




## gCroíluachanna ...

Díríonn ár gCroíluachanna ar a chinntiú go bhfuil an ceart chun rochtain ar dheiseanna oideachais agus oiliúna ag an uile dhuine lena lánacmhainneacht a bhaint amach. Tá sé mar aidhm againn na luachanna seo a chur i bhfeidhm go gníomhach trínár ngníomhartha agus iompar.

# FOCAL FÁILTE ÓN gCathaoirleach



## Fáiltím romhat, mar Chathaoirleach, chuig Tuarascáil Bhliantúil 2020 – *Bord Oideachais agus Oiliúna (BOO Chiarraí).*

Is beag eolas a bhí againn maidir leis na dúshláin a bhí romhainn agus muid ag tabhairt faoin ochtú bliain de sholáthar seirbhísí oideachais agus oiliúna d'fhoghlaimeoirí agus do dhaltaí i gContae Chiarraí. Tá scaipeadh phaindéim COVID-19 forleathan, le tionchar aici ar shaol an uile dhuine ar fud an domhain. Ónár ndearcadh de, lean muintir BOO Chiarraí orthu in aghaidh na hanachaine. Déanta na fírinne, bhí mé thar a bheith tógtha i gcónaí le caighdeáin agus luachanna na heagraíochta, ach le dhá mhí dhéag anuas thar aon am eile bhí mé níos tógtha fós.

Ghlac BOO Chiarraí sa bhliain 2020 le cur chuige leanúnachas maidir le seachadadh seirbhísí agus timpeallacht teagaisc/oiliúna agus foghlama dearfach a chinntiú ina mothaíonn an fhoireann na daltaí agus na foghlaimeoirí sábháilte. Ar ndóigh, bhí tionchar ag an bpaindéim ar an mbealach ar tugadh faoin ngnó ach léiríodh teacht aniar trí leanúint le seirbhísí riachtanacha a sholáthar trí mheascán de chur chuige ar an láthair agus go cianda.

Go straitéiseach, rinneamar dul chun cinn maith sa bhliain 2020. I mí Meán Fómhair, cheadaigh an Bord Straitéis Inbhuanaitheachta (2020-2022), ina leagtar amach ár gcur chuige chun dul i ngleic le dúshláin inbhuanaitheachta ina bhfuil cúig sprioc inbhuanaithe:

- Rannpháirtíocht Foirne
- Rannpháirtíocht Dalta, Foghlaimeora agus Printíseach
- Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara
- Inbhuanaitheacht maidir le Fuinneamh
- Bainistíocht Eastáit

Tá an Bord muiníneach sna trí bliana atá amach romhainn, go mbeidh na spriocanna atá leagtha amach mar chuid den straitéis seo á gcomhlíonadh ag an BOO agus ag an am céanna cruthófar tionchar níos fearr do na páirtithe leasmhara, don phobal níos leithne agus don phláinéad. Tá an straitéis seo ag dul le Straitéis an ICT, leis an Scéim Teanga agus níos tábhachtaí fós, lenár Ráiteas Straitéise (2018-2022).

Mar Bhord eagraíochta na hearnála poiblí, tuigimid an t-ualach atá orainn ó thaobh freagrachtaí maidir le rialachas corparáideach. Is údar misnigh dúinn an caidreamh láidir oibre atá á chomhroinnt againn leis an Fhoireann Sinsearach Feidhmiúcháin agus na nuashonrúcháin cuimsitheacha atá á fháil againn roimh agus le linn cruinnithe Boird. Go dtí seo, tá dul chun cinn maith déanta againn maidir leis an bpróiseas féinmheasúnaithe de réir Alt 4 den Chód Cleachtais do Rialachas Boird Oideachais agus Oiliúna (CL 0002/2019). Táimid ag tnúth go mór leis an toradh a bheidh ar an bpróiseas seo sa bhliain 2021.

Ag féachaint chun cinn dúinn, tá an ráiteas misin soiléir – sochaí foghlama ar feadh an tsaoil a chruthú i gCiarraí. In ainneoin tionchar leanúnach na paindéime, mar eagraíocht, táimid dearfach maidir leis an mbliain 2021. Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh leis an Fheidhmeannas, as a gceannaireacht eisceachtúil, agus leis an fhoireann agus leis na páirtithe leasmhara go léir as a dtiomantas agus a ndúthracht leanúnach don BOO. Ag féachaint ar an bpictiúr iomlán, rinne paindéim COVID-19 lena cuid castaí agus athruithe go léir daingniú ar iarrachtaí na foirne agus ar ár bhfócas, sé sin freastal ar riachtanais na ndaltaí agus na bhfoghlaimeoirí. Táimid ar bís a theacht ón bpaindéim seo sna míonna atá amach romhainn tar éis leathadh amach an chláir vacsaínithe. Níl amhras ar bith ann, tiocfaimid tríd an ngéarchéim seo mar eagraíocht ina mbeidh teacht aniar agus a bheith i bhfad níos láidre.

**An Comhairleoir Jim Finucane, Cathaoirleach**

# RÉAMHRÁ LEIS AN bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin



Táim ríméadach fáilte a chur romhat chuig Tuarascáil Bhliantúil na bliana 2020 Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí (BOO Chiarraí), bliain a bhí faoi thionchar ollmhór ag paindéim COVID-19.

Go luath sa bhliain 2020 bhí gá athruithe a dhéanamh ar phleananna oibre chun ár ndícheall a dhéanamh dul i ngleic le dúshláin COVID-19. Tar éis anailís tosaigh ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag an bpaindéim ar sheirbhísí oideachais agus oiliúna agus ar na feidhmeanna tacaíochta, leagamar síos mar phríomhchuspóirí don bhliain, leanúnachas agus seachadadh seirbhísí a chinntiú agus cothabháil a dhéanamh ar thimpeallacht sábháilte teagaisc/oiliúna agus foghlama don fhoireann agus do na daltaí agus do na foghlaimeoirí.

Sa dá mhí dhéag, d'athraigh an eagraíocht, agus bhí bunaithe ar shamhail seachadta traidisiúnta "ar an láthair" go samhail "cianda". Anois sa bhliain 2021, tá athrú ó bhonn déanta againn go samhail hibrideach, m.sh., meascán de chur chuige ar an láthair agus go cianda a fhreastalaíonn ar na riachtanais atá ag teacht chun cinn. Bhain go leor dúshláin le haistriú chuig na samhlacha nua seo. Bhí téarmaíocht ar nós, pleananna freagartha, treochláir, trealamh cosanta pearsanta, gráid ríofa, measúnú riosca maidir le COVID-19, Foirne MS, Zúmáil srl., chun tosaigh ag cruinnithe agus iarracht á dhéanamh plean oibre leasaithe don bhliain a leagan amach.

Rinneadh cothabháil ar leanúnachas maidir le seachadadh seirbhísí oideachais agus oiliúna (Bunscoile, Iar-bhunscoile agus Breisoideachas agus Oiliúint (FET) do dhaltaí agus d'fhoghlaimeoir agus tugadh tacaíocht iomlán dóibh trí ranna tacaíochta na heagraíochta, m.sh., Acmhainní Daonna, Airgeadas, Airgeadas agus Corparáideach, Caipitil agus Teicneolaíocht. Cé gur bhain luas tapa ó thaobh glacadh le cleachtais agus cur chuige oibre nua, srl., bhí tiomantas agus dúthracht na foirne ríthábhachtach chun an ceann is fearr a fháil ar na dúshláin a chruthaigh an phaindéim.

Mar a léirítear sa tuarascáil seo, tríd is tríd, ba bhliain rathúil a bhí sa bhliain 2020 do BOO Chiarraí agus baineadh go leor amach agus bhí forbairtí dearfacha ar fud na scéime. Tá go leor foghlamtha againn ó thimpeallacht oibre atá faoi réir ag an bpaindéim agus admhaímid go cúramach go gcuideoidh na hathruithe a tugadh isteach sa bhliain 2020 maidir le seachadadh seirbhís oideachais agus oiliúna lenár seachadadh amach anseo a mhúnlú agus a fheabhsú i roinnt cásanna.

Is mian liom buíochas a ghlacadh leis na Stiúrthóirí, le Bainistíocht agus le Foireann na Scoile, le Bainistíocht agus Foireann an FET, le Foireann na Príomhoifige as a tacaíocht agus a dtiomantas seasmhach ar feadh na bliana 2020. Tá an luach a ghabhann le comhiarracht na foirne le feiceáil go soiléir ar fud na heagraíochta go léir.

Bhí tacaíocht chomhaltaí Bhord BOO, na mBord Bhainistíochta, na mBord Rialachais, an Coiste Airgeadais, agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca, Fóraim agus Cumainn Tuismitheoirí srl., ar fáil go rialta le dhá mhí dhéag anuas agus táimid thar a bheith buíoch as sin.

Táimid ag tnúth go mór leanúint lenár gcuid oibre sa bhliain 2021, agus muid ag teacht amach as géarchéim COVID-19.

Ní neart go cur le chéile.

**Colm Mac Gíolla Bhuí,**
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**

# An Creat Feidhmíochta Straitéiseach

Tá forbairt sochaí foghlama ar feadh an tsaoil á cruthú agus á cur chun cinn againn. Tá sé mar aidhm againn seirbhísí oideachais agus oiliúna a sheachadadh ar fud Chontae Chiarraí atá seasmhach agus ar ardchaighdeán. Oibrímid chun tacú leis an bpobal áitiúil agus le tionchar dearfach a chruthú do chách.

Leagtar béim ar na príomhchuspóirí i Ráiteas Straitéise BOO Chiarraí (2018-2022) (sa chiorcal glas thíos) don tréimhse thuairiscithe 2018 - 2022 (tá liosta iomlán spriocanna agus cuspóirí leagtha amach in Aguisín II). Cuimsítear na príomhthosaíochtaí a aithníodh sa Chomhaontú Seachadta Feidhmíochta idir an Roinn Oideachais agus Scileanna agus BOO Chiarraí sna cuspóirí seo (sa chiorcal liath thíos). Dá bhrí sin, déantar achoimre mar a leanas thíos ar an gcreat feidhmíochta straitéiseach:



# An tSamhail Tuairiscithe

Is bailiúchán de chur i bhfeidhm teimpléid tuairiscithe sa bhliain 2020 atá i dTuarascáil Bhliantúil 2020 a ndearnadh forbairt orthu do gach aon cheann de na trí philéar seirbhíse agus do gach aon cheann de na doiciméid straitéiseacha a cheadaigh BOO Chiarraí, m.sh. Straitéis Inbhuanaitheachta, Straitéis ICT agus na Scéime Teanga.

Ar phríomhchinntitheach cur i bhfeidhm straitéis éifeacht tá monatóireacht leanúnach ar fheidhmiú agus ar inoiriúnaitheacht gníomhartha agus táscairí chun freastal ar athruithe sa timpeallacht inmheánach agus seachtrach. Go mór mór, cumasaíonn cultúr na heagraíochta, an cód iompair agus na croíluachanna atá mar bhonn tacú leis an obair atá idir lámha againn lenár gcuspóirí straitéiseacha a sheachadadh.

Chomhlánaigh agus chuir Ardbhainistíocht an BOO an Ráiteas Seirbhísí a leanas i dtoll a chéile le tacaíocht foirne ar fud na heagraíochta. Tugadh faoin bpróiseas seo, mar a dhéantar i gcónaí, faoi threoir agus le cead Bord BOO Chiarraí.

Chun críocha tuairiscithe agus leanúnachas maidir le cur chuige, tá gach aon Sprioc Seachadta Feidhmíochta leagtha amach ag BOO Chiarraí i leith Spriocanna Ráiteas Straitéise BOO Chiarraí (de réir Aguisín II).



# An Ráiteas maidir le Seirbhísí

## SPRIOC 1 | Cláir atá Aitheanta agus atá ar Cháilíocht Dhearbhaithe ar an Leibhéal Náisiúnta agus Idirnáisiúnta

| Cuspóirí | Táscaire maidir le Dul Chun Cinn |
|---|---|
| **1.1** | • Tá próiseas ceadaithe cláir á stiúradh go ráithiúil ag an mBord maidir le Dearbhú Cáilíochta Cláir. Sa bhliain 2020, ceadaíodh 24 clár, lena n-áirítear, Dlí Réamh-Ollscoile, Innealtóireacht do Shuiteáil Snáthoptaice agus Staidéar Polaitiúil.<br>• Tugadh faoi chlár athbhreithnithe ar na Cláir Náisiúnta agus Réigiúnacha maidir le Treorú Turais.<br>• Cuireadh tús le hathbhreithniú cuimsitheach ar sholáthar Ionad Oiliúna Pobail Thrá Lí (CTC) agus ar Ógtheagmháil. |
| **1.2** | • Leantar le tacaíocht a thabhairt d'fhéinmheastóireacht scoile agus do phleanáil feabhsúcháin scoile trí dhea-chleachtas comhroinnte. |
| **1.3** | • Leantar le tacaíocht a thabhairt d'fhéinmheastóireacht scoile agus do phleanáil feabhsúcháin scoile trí dhea-chleachtas comhroinnte. |
| **1.4** | • Foilsíodh Lámhleabhar nua d'Foghlaimeoirí maidir le FET.<br>• Rinneadh nósanna imeachta nua a fhorbairt d'Fhíorúchán Inmheánach, d'Fhíordheimhniú Seachtrach agus don Phainéal Ceadaithe Torthaí (RAP).<br>• Rinne an Struchtúr Rialachais QA monatóireacht ar an bPlean Gníomhaíochta Cáilíochta don soláthar FET go léir. Cuireadh tuarascálacha maidir le torthaí faoi bhráid Chomhairle Cháilíochta BOO Chiarraí ar mhaithe le hathbhreithniú agus le gníomh.<br>• Foilsíodh an Plean Feabhsúcháin Cáilíochta bliantúil agus cuireadh gníomhartha i bhfeidhm ar fud soláthar FET. |
| **1.5** | • Tugadh cothrom le dáta Treoirlínte BOO Chiarraí maidir le hUllmhúchán do Mheastóireacht ar an Scoil Uile - Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim.<br>• Thug an Roinn Oideachais agus Scileanna (DoE) faoi chigireacht mar a leanas: |

| Scoil | Cineál Cigireachta | Toradh |
|---|---|---|
| **Coláiste Pobail Oileán Chiarraí** | Cigireacht maidir le Cosaint Leanaí | Comhlíontacht Iomlán |
| **Coláiste na Sceilge** | Ag Tacú le Soláthar Shábháilte Scolaíochta (COVID-19) | Comhlíontacht Iomlán |
| **Gaelcholáiste Chiarraí** | Ag Tacú le Soláthar Shábháilte Scolaíochta (COVID-19) | Comhlíontacht Iomlán |
| **Coláiste Pobail Chill Airne** | Ag Tacú le Soláthar Shábháilte Scolaíochta (COVID-19) | Comhlíontacht Iomlán |
| **Coláiste Pobail Chill Orglan** | Ag Tacú le Soláthar Shábháilte Scolaíochta (COVID-19) | Comhlíontacht Iomlán |

***Tábla 1:** An Roinn Oideachais agus Scileanna, Cigireacht 2020*

- Soláthraíodh Meastóireacht ar an Scoil Uile/Plean Feabhsúcháin Scoile (WSE/SIP) agus Oiliúint maidir le Cosaint Leanaí chuig Alt 44 Coistí ábhartha.
- Tugadh faoi phróiseas Ógtheagmháil CEIP ag teacht le treoirlínte náisiúnta.
- Chríochnaigh an bhainistíocht líne ábhartha go léir an oiliúint maidir le Cosaint Leanaí.
- Cuireadh tús leis an ullmhúchán do Thuarascáil Féinmheastóireachta
- QQI agus do Phróifíl Soláthróra roimh Athbhreithniú Tionscnaimh sa bhliain 2021.

## SPRIOC 2 | Teagasc agus Foghlaim ar Ardchaighdeán

| Cuspóirí | Táscaire maidir le Dul Chun Cinn |
|---|---|
| 2.1 | • Chomhlánaigh an fhoireann forbairt ghairmiúil faoi philéar an FET faoi dhearbhú cáilíochta sa bhliain 2020, bhí 166 uair an chloig ar an iomlán i gceist (féach leathanach 23 do thuilleadh faisnéise ar bhearta feidhmíochta maidir le forbairt ghairmiúil).<br>• Rinne Aonad an QA seachadadh ar CPD inmheánach mar a leanas (liosta nach bhfuil uileghabhálach): Seisiúin Faisnéisithe; Ceardlanna Measúnachta Comhtháite do Phobail Cleachtais (COP); Seisiúin Faisnéisithe Fíorúcháin Inmheánacha/Fíordheimhniúchán Seachtracha; Measúnacht Obair-Bhunaithe srl. |
| 2.2 | • Tá clár cuimsitheach SEN i bhfeidhm ar fud na mbunscoileanna le raon leathan tacaíochtaí, m.sh. SEN sna seomraí ranga, Oiliúint Athnuachana SNA bliantúil, tacaíochtaí ICT (léitheoir tumthach srl.), Comhairle Foghrúpaí Tuismitheora srl. do bhearta feidhmíochta SEN, féach leathanach 20 le do thoil.<br>• Cuireadh gairis ríomhaireachta/ríomhaire glúine ar fáil d'fhoghlaimeoirí, de réir mar a bhí gá leo, chun tacú le teagasc agus foghlaim chianda, bhí thart ar 357 gaireas foghlama i gceist).<br>• Rollú: Litearthacht d'Aosaigh - 1,265 sa bhliain 2019 agus 1,143 sa bhliain 2020; Oideachas Pobail -2,015 sa bhliain 2019 agus 3,575 sa bhliain 2020; Ógtheagmháil - 311 sa bhliain 2019 agus 241 sa bhliain 2020.<br>• Chríochnaigh 11 chomhalta foirne oiliúint maidir le Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim faoi philéar an FET le AHEAD. |
| 2.3 | • Tugadh Plean Straitéiseach PE BOO Chiarraí chun críche.[2]<br>• Bhí an t-ionad oiliúna agus oideachais faoin aer (OETC) i gCeapaigh na Lao ar an gcúigiú campas oifigiúil de chuid Coláiste Chiarraí - Campas Náisiúnta Oideachais agus Oiliúna Faoin Aer Choláiste Chiarraí.<br>• Leathadh amach Chlár Folláine FET agus Clár Folláine do Scoileanna.<br>• Pleananna curtha chun cinn chun Giomnáisiam Nirt agus Aclaíochta tiomanta a bhunú do Choláiste Chiarraí. |
| 2.4 | • Eagraíodh Oíche Oscailte Fhíorúil don Mhatamaitic Fheidhmeach do chohórt na 5ú bliana. Tá cohórt na 6ú bliana ag leanúint lena gcuid foghlama ar líne.<br>• Leanann scoileanna le cur chuige athchóiritheach agus laethanta machnamhacha a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar bhainistiú iompar agus chun fionraíocht a laghdú. Cuireadh Tuarascáil maidir le Fionraíocht i láthair ag an gcruinniú deiridh den bhliain de chuid Bhoird Bainistíochta, a léirigh laghdú foriomlán ar fhionraíocht scoile.<br>• Leanadh le measúnú múnlaitheach a úsáid mar chaighdeán sna scoileanna go léir.<br>• Leanadh le COP do Chomhordaitheoirí ICT. Cuireadh tús le COP nua sa bhliain 2020 do mhúinteoirí faoi seach SPHE na Sraithe Sóisearaí agus Oideachas Caidrimh agus Gnéis (RSE) na Sraithe Sinsearaí.<br>• Bunaíodh 7 COP FET nó leanadh lena bhfeidhmiú, ar fud raon disciplíní ó Riarachán go Cúram Sláinte. Chomhlánaigh gach grúpa an CPD.<br>• Rinneadh soláthar OETC roimhe seo a chomhtháthú isteach i gColáiste Chiarraí, agus bunaíodh go héifeachtach an cúigiú campas de chuid Coláiste Chiarraí a chiallaigh go bhfuiltear ag bogadh amach ó shamhail féinairgeadaíochta.<br>• Rinneadh uirlisí TEL a chomhtháthú le pleanáil ceachtanna agus le cleachtais teagaisc/oiliúna agus foghlama. |
| 2.5 | • Leanadh le Straitéis ICT BOO Chiarraí 2019-2022 a chur i bhfeidhm. Féach leathanach 25, le do thoil, chun tuilleadh mionsonraí a fháil. |
| 2.6 | • Tionóladh Fóram Fíorúil do Dhalta/Mic Léinn.<br>• Foilsíodh Tuarascáil QA inmheánach maidir le hIonadaíocht Foghlaimeora. |
| 2.7 | • Rinne Dámhachtainí Daltaí/Mic Léinn BOO Chiarraí ceiliúradh ar ghnóthachtálacha acadúla agus neamh-acadúla daltaí iar-bhunscoile.<br>• Baineadh úsáid as ardáin na meán shóisialta chun gnóthachtálacha na ndaltaí, na foirne agus na bhfoghlaimeoirí a cheiliúradh.<br>• Tugadh aitheantas do ghnóthachtálacha na ndaltaí, na foirne agus na bhfoghlaimeoirí i nuachtlitir bhliantúil BOO Chiarraí.<br>• Spreag Comórtas Grianghrafadóireachta 'Dianghlasála' BOO Chiarraí an fhoireann, na daltaí agus na foghlaimeoirí chun léiriú a dhéanamh i ngrianghraf ar an taobh dearfach den dianghlasáil. |

*[2] Tá seoladh an phlean curtha siar go dtí an bhliain 2021 mar gheall ar COVID-19.*

## SPRIOC 2 | Teagasc agus Foghlaim ar Ardchaighdeán

| Cuspóirí | Táscaire maidir le Dul Chun Cinn |
|---|---|
| 2.8 | • Cheadaigh Comhairle Cáilíochtaí BOO Chiarraí an Sceideal maidir le Tuarascálacha Anailíseacha. Cuireann an sceideal treoir ar fáil do phleanáil agus d'athbhreithniú cláir.<br>• Foilsíodh go hinmheánach na príomhthéamaí a tháinig ó phróiseas Fíordheimhniúcháin Seachtach an QA.<br>• Tugadh riachtanais iontrála foghlaimeora do na cláir FET go léir cothrom le dáta. |
| 2.9 | • Lean Coiste Maoirseachta BOO Chiarraí um Chosaint agus Cumhdach Leanaí le tacaíocht a chur ar fáil agus monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú an Achta um Thús Áite do Leanaí 2015.<br>• Leanadh le Tionscadail Chaipitil a chur chun cinn.<br>• Ceapadh agus cuireadh oiliúint ar Fhoirne, ar Chomhordaitheoirí COVID-19 agus ar Ionadaithe Oibrí Ceannais ar fud na scéime. |
| 2.10 | • Cuireadh seirbhísí tacaíochta comhairleoireachta gairmiúla chun cinn go rathúil ar fud piléir SYM agus FET.<br>• Tionscnamh Príomhshrutha agus Folláine Chiarraí chun díriú ar scoileanna BOO Chiarraí (iar-bhunscoil) amháin amach anseo. |



## SPRIOC 3 | Freagraí Nuálacha Oideachais agus Oiliúna

| Cuspóirí | Táscaire maidir le Dul Chun Cinn |
|---|---|
| 3.1 | • Tugadh faoi anailís déimeagrafaíocht i scoilcheantar Chill Airne chun déimeagrafaíocht agus riachtanais áiteanna scoile do bhunscoil agus iar-bhunscoil araon atá ag athrú a aithint sna deich mbliana atá amach romhainn. Baineadh úsáid as an modheolaíocht i gceantar eile sa limistéar.<br>• Cuireadh tuarascáil staitistiúla ar fáil chun limistéir geografacha le gnóthachtálacha ísle oideachais a aithint agus a leagan amach in aghaidh bonneagar BOO Chiarraí, faoi philéar an FET. |
| 3.2 | • D'oibrigh BOO Chiarraí i gcomhpháirtíocht le Comhairle Chontae Chiarraí, le Cónaidhm Óstán na hÉireann agus le Cónaidhm Tionscal Turasóireachta Chiarraí chun Clár Ceann Scríbe Sábháilte Chiarraí a sheoladh. Thacaigh an clár seo le gnólachtaí áitiúla chun déileáil le COVID-19. |
| 3.3 | • Tá tacaíochtaí agus deiseanna foghlama leanúnacha á dtairiscint do dhaoine nach Éireannaigh iad ar fud gach réimse seachadta seirbhíse.<br>• Tacaíocht leanúnach ar fáil ó thaobh imeachtaí ilchultúrtha i scoileanna, ionaid agus campais.<br>• Treoir nua SOLAS curtha i bhfeidhm maidir le rannpháirtíocht foghlaimeoirí atá faoi chosaint idirnáisiúnta. |
| 3.4 | • Rinneadh seachadadh go fíorúil ar thionscnamh Music Generation ar fud scóip leathan áiteanna i gceantair nach raibh oideachas ceoil ar fáil ann roimhe seo.<br>• Rinneadh seachadadh go rathúil ar Bhliain 2 den Chomhpháirtíocht Chruthaitheach Óige Áitiúil (LCYP). I mí na Nollag, rinneadh an cinneadh athstruchtúrú a dhéanamh ar shamhail maoinithe deontais don bhliain 2021.<br>• D'oscail an Cathaoirleach go hoifigiúil Oifig Iontrála Choláiste Chiarraí. Déanann an Oifig Iontrála cumarsáid go díreach leis an bpobal agus le bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna ar fud an chontae agus cuireann tacaíocht agus faisnéis ar fáil maidir le cúrsaí/dul chun cinn srl. |
| 3.5 | • Cuireadh tús le Beartas maidir le Foghlaim Chumaisc do sholáthar FET a fhorbairt.<br>• Leanadh le hathbhreithniú a dhéanamh ar sholáthar FET ag súil le cláir a aithint a leanfaidh ar aghaidh le cur chuige cumaisc agus/nó ar líne i leith foghlama amach anseo.<br>• Tháinig fás suntasach ar sholáthar Oideachais Pobail agus é á chur in oiriúint d'ardán nua ar líne lena sheachadadh (féach leathanach 23 d'uimhreacha cruinne maidir le soláthar). |
| 3.6 | • Clárúcháin Coláiste Chiarraí Meán Fómhair 2020/21: Cúrsaí do Chur Chun Cinn (492); Cúrsaí don Fhostaíocht (312). |
| 3.7 | • Cuireadh Clár Ionduchtúcháin na Chéad Bhliana ar fáil i ngach scoil chun tacú le haistriú chuig timpeallacht iar-bhunscoile.<br>• Cuireadh turais scoile fíorúla ar fhail do gach iar-bhunscoil.<br>• Leanadh le laethanta neartaithe foirne agus le meantóireacht piaraí i ngach scoil chun tacú le daltaí. |
| 3.8 | • Thug an tOifigeach Forbartha Óige faoi athbhreithniú ar chlár YEI.<br>• Téigh go dtí leathanaigh 21, le do thoil, chun liosta iomlán a fháil de na deontais a tugadh amach. |

## SPRIOC 4 | Rochtain agus Dul Chun Cinn

| Cuspóirí | Táscaire maidir le Dul Chun Cinn |
|---|---|
| **4.1** | • Rinneadh seachadadh ar aitheantas d'fhoghlaim roimh ré don Chlár Náisiúnta maidir le Treorú Turais. Bhain 12 tairbhí 9 dteastas amach. |
| **4.2** | • Rinneadh seisiún faisnéise ar chláir atá á dtairiscint sa FET agus san Ard-Oideachais a sheachadadh do dhaltaí faoi mhíchumas.<br>• Tugadh Beartas maidir le Táillí FET Uileghabhálacha agus Tarscaoileadh Táillí chun críche agus cheadaigh BOO Chiarraí é an 28 Aibreán 2020.<br>• Cuireadh tús le leagan amach bealaí dul chun cinn ó Ionaid FET go Coláiste Chiarraí agus chuig Institiúidí Ardleibhéil, lena n-áirítear, Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan (MTU). |
| **4.3** | • Sheas clárúcháin ar líne don bhliain 2020 ag 82%, lena n-áirítear, oiliúint tráthnóna/ páirtaimseartha go léir (91% do chláir FET lánaimseartha).<br>• Cuireadh Tuarascálacha QA ar rátaí Chlárúcháin Foghlama, Coinneála, Comhlánaithe, Creidiúnaithe agus Dul Chun Cinn i láthair Comhairle Cáilíochta BOO Chiarraí. |
| **4.4** | • Cuirtear tuarascálacha míosúla PLSS ar fáil chun athbhreithniú a dhéanamh ar ghnéithe de ghníomhaíocht foghlaimeora, m.sh. tosaitheoirí foghlaimeora, críochnaitheoirí foghlaimeora (luath, páirt agus iomlán), torthaí foghlaimeora, comhlacht teastasaithe/dámhachtana, foghlaimeoirí leithleacha, srl. Bristear síos na cláir seo trí ghníomhaíocht cláir FET.<br>• Cuireadh Tuarascálacha PLSS coicíse le chéile a dhíríonn ar shonraí maidir le foghlaimeoirí a chríochnaíonn, % d'iarratais ó fhoghlaimeoirí ar líne, clárúchán foghlaimeoirí, liostaí feithimh de réir cúrsa campas agus scaipeadh iad. |
| **4.5** | • Rinneadh acmhainní breise a leithdháileadh ar Ógtheagmháil Thrá Lí do thionscnaimh SEN.<br>• Chríochnaigh 4 Ionad Ógtheagmhála, mar chuid de phróiseas CEIP, Pleananna Litearthachta, Uimhearthachta agus Comhtháthaithe.<br>• Cuir 24 comhalta foirne faoi philéar an FET tús le modúl TESOL le hInstitiúid Teicneolaíochta Phort Láirge.<br>• Cuireadh tús le seachadadh Comhrá Béarla agus Ranganna Comhráiteacha ESOL. |
| **4.6** | • Críochnaíodh oiliúint do mhapáil SEN iar-bhunscoile. Cuireadh tús leis an bpróiseas sa bhliain 2020 agus críochnóidh gach iar-bhunscoil an próiseas sa bhliain 2021.<br>• Chríochnaigh 11 comhalta foirne faoi philéar an FET oiliúint maidir le Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim (UDL) le AHEAD. |



## SPRIOC 5 | Comhpháirtíochtaí Torthúla a Fhorbairt

| Cuspóirí | Táscaire maidir le Dul Chun Cinn |
|---|---|
| **5.1** | • Rinneadh laghdú ar thaithí oibre idirbhliana mar gheall shrianta -19. |
| **5.2** | • Rinneadh líonrú gníomhach leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, le SOLAS, DFHERIS, DCEDIY, ETBI, QQI, MTU agus leis na Ceardchumainn ábhartha ar feadh na bliana.<br>• Cuireadh tionscadail tógála chun cinn i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Oideachais agus Scileann, lena n-áirítear;<br>- Coláiste Pobail Oileán Chiarraí<br>- Scoil Chuimsitheach an Tóchair<br>- Coláiste Gleann Lí<br>- Gaelcholáiste Nua<br>- Coláiste na Ríochta<br>- Coláiste Pobail Chill Orglan<br>- Scoil an Ghleanna<br>• Oibríodh i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Oideachais agus Scileanna chun na Tionscadail Thógála Déabhlóidithe seo a leanas a chur chun cinn;<br>- Scoil Náisiúnta Lios Teilice Thuaidh<br>- Scoil Náisiúnta Naomh Oliver, Cill Airne<br>• Tugadh feistiú Oifig Iontrála Choláiste Chiarraí chun críche<br>• Plean Teagmhais COVID-19 curtha faoi bhráid an QQI.<br>• Tacaíodh le cur i bhfeidhm Comhaontú Maoirseachta agus Comhaontú Seachadta Feidhmíochta leis an Roinn Oideachais agus Scileanna. Bhí cruinniú athbhreithnithe ar siúl an 21 Deireadh Fómhair 2020. |
| **5.3** | • Tá Fóram Comhchomhairleach i bhfeidhm i gcónaí leis na Ceardchumainn ábhartha: TUI, Fórsa SNA, Fórsa Riaracháin chun ábhair a eascraíonn ar fud gach réimse seachadadh seirbhíse a phlé agus aghaidh a thabhairt orthu.<br>• Bítear i gcomhairle le comhaltaí ceardchumainn ar bhonn rialta maidir le beartais agus nósanna imeachta ábhartha srl. Cheadaigh BOO Chiarraí Creat Forbartha Beartais an 17 Deireadh Fómhair 2020. |
| **5.4** | • Tugtar faoi gach socrú tríú páirtí a stiúradh ag teacht le Ciorclán 13/2014 an DPER<br>• Thug an tOifigeach Foirgníochta athbhreithniú ar ábhair stairiúla a bhí ag seasamh amach maidir le bainistíocht eastát agus tionscadail chaipitil chun críche.<br>• Rinne an COP náisiúnta do Phrintíseacht Commis Chef 17 measúnacht eile a fhorbairt lena n-úsáid. |
| **5.5** | • Cuireadh próifíl na Scéime UBU Your Place Your Space agus an ról atá á imirt ag BOO Chiarraí mar mhaoinitheoirí na scéime chun cinn ar fud an chontae trí chur i láthair do Choiste Seirbhísí um Leanaí agus Dhaoine Óga agus ag cruinnithe le Líonraí Tacaíochta Teaghlaigh.<br>• Áiríodh ar chomhoibriú rialta leis an Roinn Coimirce Sóisialaí, anailís ar Bheochlár Chiarraí agus rianú ar shonraí dífhostaíochta do dhaoine faoi 25 bliain d'aois. |
| **5.6** | • Tionóladh Léargas, Ceardlann an Líonra Eorpaigh um Fhaisnéis do Phríomhoidí iar-bhunscoile.<br>• Bhí 2 scoil rannpháirteach i Erasmus + Tionscnamh a dhíríonn ar Theagasc Teanga Nuálach Labharthachta i dTír Dhá Theangach (Gaeilge).<br>• Leanadh le comhlíonadh le lógónna an AE, ESF ar fud gach doiciméad ábhartha a chinntiú. |
| **5.7** | • Chuir BOO Chiarraí agus Comhpháirtíocht Spóirt agus Fóillíochta Chiarraí (KRSP) le hobair ar chomhtháthú mic léinn idirnáisiúnta sna clubanna spóirt áitiúla.[3] |
| **5.8** | • Bunaíodh struchtúr tacaíochta i gcomhair le hOifig Ealaíon Áitiúil an Chontae chun tacú le Music Generation a leathadh amach.<br>• Rannpháirtíocht leanúnach le hOifig Ealaíon Áitiúil an Chontae maidir leis an LCYP agus leis an Oifig Forbartha Scannánaíochta. |
| **5.9** | • Bunaíodh Aonad Tacaíochta Gnó Choláiste Chiarraí sa bhliain 2020 chun pointe lárnach teagmhála a sholáthar do ghnólachtaí i gCiarraí. Thacaigh an t-aonad, i gcomhpháirtíocht le Comhairle Chontae Chiarraí agus le Cónaidhm Óstán na hÉireann, le gnólachtaí áitiúla le linn phaindéim COVID-19 trí raon leathan oiliúna a bhaineann le COVID-19 a sholáthar. |
| **5.10** | • Comhoibriú leanúnach le Coiste Forbartha Pobail Áitiúil Chiarraí (LCDC) agus leis an nGrúpa Áitiúil Gníomhaíochta (LAG). |

*[3] Cuireadh stop leis an tionscnamh seo mar gheall ar COVID-19.*

## SPRIOC 6 | Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara

| Cuspóirí | Táscaire maidir le Dul Chun Cinn |
|---|---|
| **6.1** | • Tá thart ar 60 dalta ar fud iarbhunscoileanna, rannpháirteach i gComhairle na nDaltaí. Sa bhliain 2020 díríodh ar róil agus ar fhreagrachtaí chomhaltaí chomhairle na ndaltaí, ionchur ó Cheardchumann Daltaí Dara Leibhéal na hÉireann, ó fhoghlaim le cuidiú teicneolaíochta (TEL), tionscnaimh inbhuanaitheachta agus na Scoileanna Glasa, agus cur chun cinn straitéisí folláine i bpobal na ndaltaí.<br>• Ceapadh 2 fhoghlaimeoir ar Bhord Rialachais Ionad Breisoideachais agus Oiliúna (FETC). |
| **6.2** | • Rinneadh píolótú ar Shamhail Chomhpháirtíochta Scoile/Pobail i CNS Thathuile le tacaíocht agus oiliúint ó Chomhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí.<br>• Bunaíodh 3 foghrúpa de Chomhairle na dTuismitheoirí do ranganna speisialta. |
| **6.3** | • Bhí bainistíocht an FET rannpháirteach go gníomhach i struchtúir áitiúla páirtithe leasmhara, m.sh. LCDC, an Fóram Réigiúnacha Thiar Theas, srl.<br>• Naisc leanúnach leis na Líonraí Rannpháirtíochta Pobail (PPN) go háirithe ó thaobh deiseanna FET a chur ar fáil don phobal trí bhunachar sonraí grúpaí cláraithe PPN. |
| **6.4** | • Tá na doiciméid FARR go léir comhlánaithe agus curtha faoi bhráid SOLAS. |
| **6.5** | • Tá comhairliúcháin maidir le guth na hóige mar chuid ghníomhach i gcónaí den LCYP.<br>• Daoine atá ainmnithe ag Gnó/Tionscal ceaptha ar Bhord Rialachais Choláiste Chiarraí.<br>• Comhoibriú dearfach le Comhlachas Thrá Lí agus Oileán Chiarraí faoi seach le linn COVID-19. |
| **6.6** | • Rannpháirtíocht leanúnach leis an Roinn Coimirce Sóisialaí chun comhthionscnaimh a chur chun cinn agus a chinntiú go bhfuiltear ag freastal ar riachtanais an gheilleagair áitiúil. |
| **6.7** | • Tá an tAonad QA i dteagmháil go rialta leis an QQI agus le comhlachtaí dámhachtainí eile. |
| **6.8** | • Rinneadh forbairt leanúnach agus cheadaigh BOO Chiarraí Beartas agus Nósanna Imeachta maidir le Forbairt Ghairmiúil (CPD) (Leibhéil 6 - 10 an Chreata Náisiúnta Cáilíochta) an 17 Eanáir 2020.<br>• Rinneadh tuilleadh forbartha ar stór acmhainní ar líne an CPD do chomhaltaí foirne an FET chun toiliú maidir leis an gcúrsa a chomhroinnt agus féachaint ar imeachtaí atá ar na bacáin. |
| **6.9** | • Bhí 101 foghlaimeoir rannpháirteach i gcúrsaí Scileanna Chun Dul Cinn a Dhéanamh.<br>• Síníodh comhaontú comhoibríoch le hOidhreacht Chorca Dhuibhne chun cúrsaí a bhaineann leis an nGaeilge a chuimsiú i soláthar FET BOO Chiarraí. |

| SPRIOC 7 \| Éifeachtach agus Cuntasacht ó thaobh Rialachas agus Ceannaireacht | |
|---|---|
| **Cuspóirí** | **Táscaire maidir le Dul Chun Cinn** |
| **7.1** | • Thug an Foras Riaracháin faoi athbhreithniú seachtrach maidir le cumarsáid na hardbhainistíochta. Díreoidh torthaí an athbhreithnithe ar fheidhmíocht bainistíochta, ar struchtúir chumarsáide agus ar chumarsáid éifeachtach, srl. |
| **7.2** | • Leanadh le forbairt a dhéanamh ar bheartais agus ar nósanna imeachta maidir le hairgeadas na heagraíochta, le Beartas agus Nósanna Imeachta Soláthar maidir le ceannach os cionn €25,000 (arna cheadú ag BOO Chiarraí an 26 Bealtaine 2020) agus an Plean Soláthar Corparáideach do 2020-21 (arna cheadú an 28 Aibreán 2020) a thabhairt san áireamh.<br>• Córas sínithe leictreonach a sholáthar go lárnach (Síniú Adobe) chun comhlíonadh le próiseas údaraithe a chinntiú nuair atáthar ag obair go cianda.<br>• Rinneadh forbairt ar Lámhleabhair um Chleachtas Oibre Caighdeánach chun cur le hacmhainneacht ag gach leibhéal agus chun tacú le pleanáil comharbais.<br>• Leanadh le hobair ullmhúcháin chun aistriú chuig Párolla ESBS a chomhlánú trí fhoireann um aistriú a cheapadh.<br>• Tá oiliúint Meáin Sóisialta COVID-19 críochnaithe ag an ardbhainistíocht go léir.<br>• Tá curtha le láithreacht ar fud meáin áitiúla agus sóisialta chun na príomhtheachtaireachtaí a chur ar fáil do na páirtithe leasmhara, m.sh. 5-leathanach gné-altanna i bhforlíonadh an Kerryman '12 mhí níos deireanaí, Bliain le COVID'. |
| **7.3** | • Leanadh le hathbhreithniú agus tuilleadh forbartha a dhéanamh ar bheartais agus ar nósanna imeachta chun Beartas agus Nósanna Imeachta maidir le Cianobair a thabhairt san áireamh (arna cheadú ag BOO Chiarraí an 27 Deireadh Fómhair 2021).<br>• Cuireadh pleananna chun cinn chun córas maidir le ríomhchódú - Roinn Acmhainní Daonna tiomanta a thabhairt isteach (tá gníomhartha eile aitheanta don bhliain 2021).<br>• Áirítear ar dhul chun cinn teicneolaíochta:<br>- Leathadh amach rathúil conarthaí leictreonacha agus córas éileamh ar líne<br>- Tugadh isteach ionduchtúcháin chianda do chomhaltaí foirne nua-cheaptha<br>• Tionóladh Feachtas Earcaíochta don bhliain 2020 go rathúil trí ghlacadh le cur chuige maidir le hagallaimh ar líne, cumaiscthe agus go cianda.<br>• Tacaíodh le cur i bhfeidhm CL0002/2019 ag iarraidh ar an fhoireann go léir an Cód Iompair a shíniú arís. |
| **7.4** | • Líonadh na poist ardbhainistíochta seo a leanas:<br>- Príomhoide Iar-bhunscoile<br>- Príomhoide FET<br>- Leas-Phríomhoide<br>- Oifigeach Oideachais Aosach (le freagracht as Ionaid FET, Oideachas Pobail agus BTEI)<br>- Ceann Roinne. |
| Catherine O'Sullivan, Uasal[25] | | X | X | | | | | | X | | | (3/9) |
| Maryanne Slattery, Uasal[26] | X | X | X | X | X | X | X | X | X | | | (9/9) |
| An Comhairleoir Pa Daly[27] | X | | | | | | | | | | | (1/1) |
| An Comhairleoir Norma Foley[28] | | | | | | | | | | | | (0/1) |

*[22] Ceaptha chuig an mBord i mí Feabhra 2020*
*[23] Ceaptha chuig an mBord i mí Feabhra 2020*
*[24] Bhí tionchar ag ath-imlonnú mar gheall ar COVID-19 ar fhreastal*
*[26] D'éirigh as an mBord i mí Deireadh Fómhair2020*
*[27] D'éirigh as an mBord tar éis a thoghadh mar Theachta Dála i mí Feabhra 2020*
*[28] D'éirigh as an mBord tar éis a thoghadh mar Theachta Dála i mí Feabhra 2020*
*[29] Tabharfar aghaidh ar rátaí freastal mar chuid den phróiseas meastóireacht féinmheasúnaithe.*

**Bronntanais**
Níor tugadh aon bhronntanas do BOO Chiarraí sa bhliain2020.

**Doiciméid beartais a ndearna an Fheidhmeannas forbairt orthu agus a cheadaigh an Bord sa bhliain 2020**

- Beartas Rialúcháin Rochtana
- Beartas Cúltaca
- Nós Imeachta maidir le Teimpléad Meastóireachta CL0003/2019
- Beartas maidir le Coimhlint Leasa
- Beartas maidir le Coimhlint Leasa - Leasú
- Nós Imeachta agus Bearta maidir le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach
- Plean Soláthar Corparáideach 2020/21
- Beartas maidir le Teagmhas Criticiúil
- Beartas maidir le Cosaint Sonraí - Leasú
- Beartas maidir le hIarratas Rochtana ón Ábhar Sonraí (DSAR) - leasú
- Nós Imeachta do Thuarascáil Réamhrabhaidh na Roinne Oideachais agus Scileanna
- Beartas Criptiúcháin
- Nós Imeachta maidir le Cead Erasmus
- Beartas Táillí agus Tarscaoileadh
- Beartas agus Nós Imeachta maidir le Bainistíocht Sócmhainní Seasta - Leasú
- Beartas maidir le Taisteal Eachtrach agus Cothabháil
- Treoir maidir le hÁitreabh BOO a Fháil ar Cíos
- Treoirlínte maidir le húsáid Físchomhdháil
- Beartas maidir le Rialúchán Rochtana ICT - Leasú
- Beartas maidir le Bainistíocht Athruithe ICT
- Téarmaí Tagartha maidir le hAonad Comhlíontachta BOO Chiarraí
- Straitéis Inbhuanaitheachta BOO Chiarraí 2020-2022
- Beartas maidir lena Bheith ag Obair go hAonar
- Beartas maidir le Caighdeáin Pasfhocail
- Beartas maidir le Forbairt Beartais
- Beartas Chun Nochtadh Cosanta a Dhéanamh ag Oibrithe BOO Chiarraí - Leasú
- Fógra Príobháideachais don Fhoireann, do Chomhaltaí an Bhoird, do Chomhaltaí Coiste agus d'Oibrithe Deonacha - Leasú
- Nósanna imeachta chun déileáil le glao-gutháin/ríomhphoist atá feargach, ionsaitheach nó maslach
- Beartas agus Nós Imeacht Soláthar atá os cionn €25,000
- Admháil agus Lóisteáil Cistí a Fhaightear (lena n-áirítear, Prótacal maidir le Saoráid Sábháilte)
- Beartas maidir le Cianrochtain
- Beartas agus Nós Imeachta maidir le Cianobair
- Ráiteas maidir le hInghlacthacht Riosca
- Creat maidir le Bainistíocht Riosca
- Beartas maidir le Bainistíocht Riosca – Leasú
- Beartas maidir leis na Meáin Shóisialta
- Nós Imeachta Tuairiscithe maidir le Ráiteas Straitéise
- Téarmaí Tagartha do Choistí Alt 44
- Beartas maidir le Taisteal agus Cothabháil - LeasúAn

**An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus an tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001**
Tá dlite ar chomhaltaí an bhoird agus ar chomhaltaí ainmnithe den fhoireann Nochtadh Leasanna a chur ar fáil gach bliain maidir le ceisteanna a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm go hábhartha ar dhéanamh feidhmeanna. Rinneadh gach Nochtadh agus Neamh-Nochtadh i ndáil leis an mbliain 2020 a líonadh isteach agus a chur ar aghaidh chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí..

**Nochtadh Cosanta**
Tháinig an tAcht um Nochtadh Cosanta 2014 i bhfeidhm ar 14 Iúil 2014. Foráiltear faoin Acht do chreat oibre trínar féidir le hoibrithe ábhar buartha maidir le héagóir atá tugtha faoi deara acu san ionad oibre a chur in iúl ar an tuiscint go mbeidh cosaint ar fáil acu sa chás go ngearrann an fostóir pionós orthu as sin a dhéanamh nó go mbítear thíos leis ar bhealach ar bith.

Tá polasaí maidir le Nochtadh Cosanta curtha i bhfeidhm ag BOO Chiarraí arb é an toradh atá air, in éineacht leis an reachtaíocht náisiúnta, oibrithe a spreagadh chun aon éagóir measta a chur in iúl agus a fhios acu go bpléifear go dáiríre leis an údar imní agus go mbeidh meas ar chúrsaí rúndachta ina leith. Mar a cheanglaítear faoi Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014, dearbhaíonn BOO Chiarraí nach ndearnadh aon nochtadh cosanta go deireadh na bliana 2020. Dá réir sin, ní raibh gá do BOO Chiarraí aon bheart a dhéanamh i ndáil le Nochtadh Cosanta.

### Socruithe Tríú Páirtí 2020

Tá tábhacht níos mó le roinnt blianta anuas maidir le forbairt straitéiseach BOO Chiarraí le socruithe Tríú Páirtí. Is féidir fiúntas a bheith le socruithe Tríú Páirtí maidir le seirbhísí a chur ar fáil, teacht a bheith ar fhaisnéis nó cur le fiúntas an ghnó a dhéanann BOO Chiarraí. Tá BOO Chiarraí ag plé ar scála i bhfad níos mó le comhlachtaí den Tríú Páirtí anois ná mar a bhíodh.

Le haird go sonrach ar dheontais, tá comhaontuithe deontais faoi leith ceangailte idir BOO Chiarraí agus comhlachtaí neamhthráchtála, go mór mór in earnáil na n-eagraíochtaí pobail agus deonacha, maidir le seirbhísí a chur ar fáil thar ceann an stáit.
Tá cothabháil á déanamh ag an bhFeidhmeannas ar chlár socruithe tríú páirtí.

### An Cód Caiteachais Phoiblí

Deimhníonn Cathaoirleach an Bhoird go bhfuil BOO Chiarraí ag cloí leis na gnéithe cuí den Chód Caiteachais Phoiblí.

### Soláthar

Deimhníonn BOO Chiarraí an athuair a dtiomantas na ceanglais go léir a bhaineann leis na beartais agus nósanna imeachta soláthair[30] agus deimhníonn BOO Chiarraí freisin gur chloí an Bord leis na gnéithe ábhartha de na beartais agus nósanna imeacht sin sa bhliain 2020 seachas na réimsí sin atá tugtha ar aird le tuilleadh forbartha a dhéanamh orthu sa Ráiteas faoi Rialú Inmheánach. Tá neamhchomhlíonadh leis na Treoirlínte Soláthair san áireamh sa SIC (AFS leathanach 4).

### Cáin

Deimhníonn Cathaoirleach an Bhoird go bhfuil BOO Chiarraí ag cloí lena chuid oibleagáidí faoin dlí cánach.

### Ráitis Airgeadais

Tá Ráitis Airgeadais Bhliantúla BOO Chiarraí don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 faoi réir iniúchóireachta ag an Ard-Reachtaire Cuntas (C&AG) tráth ar foilsíodh Tuarascáil Bhliantúil BOO Chiarraí 2020. Foilseoidh BOO Chiarraí AFS laistigh d'aon mhí amháin tar éis na tuarascála a bheith faighte ón Ard-Reachtaire Cuntas (C&AG).

Tá sonraí airgeadais maidir leis an méid seo a leanas san áireamh san AFS:

- Táillí nach mbaineann le tuarastal a íocadh le Comhaltaí an Choiste;
- Tuarastail agus sochair fostaí gearrthéarmacha;
- Sochair iar-fhostaíochta;
- Sochair Foirceanta;
- Cúiteamh don phríomhbhainistíocht más ann dó;
- Líon na bhfostaithe a raibh a sochar iomlán fostaí idir €0 go €59,999;
- Líon na bhfostaithe a raibh a sochar iomlán fostaí idir €60,000 go €69,999 agus laistigh de gach aon bhanda pá de €10,000; agus
- Figiúr foriomlán de ranníocaíochtaí pinsin fostóra.

### An córas maidir le rialú inmheánach

Deimhníonn an Bord go ndearnadh athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais maidir le rialú inmheánach agus go bhfuil an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach (SIC), a bhí faoi réir athraithe go dtí go mbeadh an t-iniúchadh seachtrach tugtha chun críche, tugtha chun críche agus go bhfuil sé san áireamh san AFS don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 agus go bhfoilseofar é laistigh de mhí amháin ó fhaightear ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (C&AG) agus go bhfoilseofar chomh maith é mar aguisín le Tuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh atá curtha ar aghaidh chuig an Aire.

### Bainistíocht Riosca

Coinníonn Bord BOO Chiarraí maoirseacht ghníomhach ar bhainistiú riosca agus deimhníonn go bhfuil measúnú ar na príomhrioscaí, na bearta maolaithe bainteacha déanta aige agus go ndearnadh athbhreithniú ar éifeachtacht na mbeart sin sa bhliain 2020. Déanann an Bord riosca a bhainistiú don eagraíocht trí chlár bainistithe riosca struchtúrtha. Tugann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca cúnamh don Bhord lena fheidhm bainistithe riosca agus bíonn sé ag brath chomh maith ar an Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí (IAU) agus ar a chuid tuairiscí, ar iniúchadh bliantúil an C&AG agus ar aon Iniúchadh seachtrach eile mar iniúchadh ESF agus/nó Iniúchadh a bheadh déanta ag na Coimisinéirí Ioncaim. Ina theannta sin, téitear i mbun athbhreithniú a dhéanamh ar na Rialuithe Inmheánacha ar bhonn bliantúil.

Tá Bainistíocht Riosca mar mhír bhuan ag gach cruinniú Boird agus áirítear sa bhreithniú:

- Tuairiscí riosca ón ardbhainistíocht lena n-áirítear ón bPríomhoifigeach Riosca (CRO)
- Tuarascálacha an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca
- Athruithe ar rátálacha riosca
- Clár Iniúchta

Tá mionsonraí maidir leis na príomhrioscaí agus leis na bearta maolaithe gaolmhara nó straitéisí san áireamh sa SIC mar chuid den AFS a fhoilseofar laistigh d'aon mhí amháin ó Oifig an C&AG agus mar aguisín le Tuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh.

*[30] Cheadaigh an Bord an dara Plean Soláthar Corparáideach an 28 Aibreán 2020 (ceadaíodh an chéad Phlean Soláthar Corparáideach an 28 Bealtaine 2018 agus clúdaíodh an tréimhse Aibreán 2018 go Nollaig 2019). Tugtar breac-chuntas sa Phlean Soláthar Corparáideach reatha ar chuspóirí soláthair BOO Chiarraí don tréimhse Eanáir 2020 go Nollaig 2021.*

# Aguisín I / Gluais Téarmaí agus Liosta Táblaí

| Téarma | Sainmhíniú |
|---|---|
| ABE | Oideachas Bunata Aosach |
| AFS | Ráitis Airgeadais Bhliantúla |
| AHEAD | Cumann um Rochtain ar Ardoideachas agus Míchumas |
| BOM | Bord Bainistíochta |
| BTEI | An Tionscnamh um Fhilleadh ar Oideachas |
| C&AG | An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste |
| CEIP | Meastóireacht Leanúnach agus Pleanáil d'Fheabhsúchán |
| CEO | An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin |
| CL | Ciorclán |
| CNS | Pobalscoil Náisiúnta |
| COP | Pobail Cleachtais |
| CPD | Forbairt Leanúnach Ghairmiúil |
| CRO | Príomhoifigeach Riosca |
| CTC | Ionad Oiliúna Pobail |
| DCEDIY | An Roinn Leanaí, Comhionannas, Rannpháirtíocht agus Óige |
| DEIS | Comhionannas Deiseanna sna Scoileanna a Sheachadadh DoE An Roinn Oideachais agus Scileanna |
| DPER | An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe |
| DSEL | Forbairt Scoileanna, Saibhriú Foghlama |
| EA | Fíordheimhniú Seachtrach |
| ESBS | Seirbhísí Comhroinnte Gnó don Oideachas |
| ESF | Ciste Sóisialta na hEorpa |
| ESOL | Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile |
| ETB | Boird Oideachais agus Oiliúna |
| ETBI | Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann |
| EU | An tAontas Eorpach |
| FARR | Iarratais ar Leithdháileadh Maoiniú agus Córais Tuairiscithe/ SOLAS |
| FET | Breisoideachas agus Oiliúint |
| FETC | Ionaid Breisoideachais agus Oiliúna |
| FETCH | Mol Cúrsa Breisoideachais agus Oiliúna |
| GDPR | An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí |
| HR | Acmhainní Daonna |
| ICT | Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide |
| KDYS | Seirbhísí Óige Dheoise Chiarraí |
| KPI | Príomhtháscaire Feidhmíochta |
| KRSP | Comhpháirtíocht Spóirt agus Caitheamh Aimsire Chiarraí |
| LAG | Grúpa Áitiúil Gníomhaíochta |
| LCDC | Coiste Forbartha Pobail Áitiúil |
| LCYP | Comhpháirtíocht Cruthaitheachta Óige Áitiúil |
| LGBTI+ | Daoine Leispiacha, Aeracha, Déghnéasacha, Trasinscneacha, Idirghnéasacha |
| MOU | Meabhrán Tuisceana |
| MS | Microsoft |
| NFQ | An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí |
| NQSF | Na Caighdeáin Náisiúnta Dearbhaithe Cáilíochta (d'Obair Óige) |
| OS&D | Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta |
| OETC | An tIonad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh |
| PDA | Comhaontú Seachadta Feidhmíochta |
| PDST | Foireann Tacaíochta don Fhorbairt Ghairmiúil |
| PE | Corpoideachas |
| PLSS | Córas Tacaíochta Clár agus Foghlaimeora |
| POR | Duine Freagrachta |
| PPN | Líonraí Rannpháirtíochta Pobail |
| PRA | An tÚdarás Clárúcháin Maoine |
| QA | Dearbhú Cáilíochta |
| QQI | Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochta Éireann |
| RAP | Painéal Ceadaithe Torthaí |
| RSE | Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta |
| SEN | Riachtanais Speisialta Oideachais |
| SIC | Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais |
| SLA | Comhaontú Seirbhíse |
| SNA | Cúntóir Riachtanais Speisialta |
| SPHE | Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte |
| SYM | Scoileanna, Óige agus Ceol |
| TEL | Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta |
| TUI | Aontas Múinteoirí Éireann |
| TYFS | Scéim Maoinithe atá Dírithe ar an Óige |
| UDL | Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim |
| VTOS | Scéim Deiseanna Teagasc Gairmoideachas |
| WAN | Líonra Achair Fhairsing |

| Uimhir Thábla | Teideal | Leathanach Tagartha |
|---|---|---|
| 1 | An Roinn Oideachais agus Scileanna, Cigireacht 2020 | |
| 2 | Rolluithe Scoile | 20 |
| 3 | Táscairí Feidhmíochta Scoile | 21 |
| 4 | Scéimeanna Maoinithe Spriocdhírithe don Óige | 22 |
| 5 | UBU | 22 |
| 6 | Scéimeanna Maoinithe Eile | 22 |
| 7 | Comhpháirtíocht Cruthaitheachta Óige Áitiúil | 23 |
| 8 | Ionchur Music Generation | 23 |
| 9 | Tairbhithe FET 2020 | 24 |
| 10 | Forbairt Ghairmiúil 2020 | 24 |
| 11 | Tairbhithe de réir Catagóir Cláir | 24 |
| 12 | Buaicphointí Feidhmithe na Straitéise ICT | 26 |
| 13 | Comhaltaí Boird | 29 |
| 14 | Coistí Alt 44 | 29 |
| 15 | Comhaltas Coiste Alt 45 | 30 |
| 16 | Clár Freastail agus Minicíocht Cruinnithe an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca | 30 |
| 17 | Clár Freastail agus Minicíocht Cruinnithe an Choiste Airgeadais | 30 |
| 18 | Clár Freastail agus Minicíocht Cruinnithe an Bhoird | 31 |
| 19 | Comhaontú Seachadta Feidhmíochta | |

# Aguisín II / Cuspóirí Straitéiseacha Mionsonraithe

## SPRIOC 1 : Cláir atá Aitheanta agus ar Cháilíocht Dearbhaithe ag Leibhéal Náisiúnta agus Idirnáisiúnta

**Fócas: Cláir oideachais agus oiliúna a dhearadh agus a chur ar fáil atá deimhnithe, aitheanta agus ar cháilíocht dhearbhaithe ar leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta.**

1. Athbhreithniú a dhéanamh ar na cláir breisoideachais agus oiliúna reatha agus ar an méid atá á thairiscint ag cúrsaí chun a chinntiú go bhfuil siad ag teacht leis an gCreat Náisiúnta Cáilíochta agus go bhfuil aitheantas idirnáisiúnta acu.
2. Leanúint lena chinntiú go bhfuil nósanna imeachta agus próisis phleanála scoile cuí agus féin-mheastóireacht scoile a gcur i bhfeidhm sna hiar-bhunscoileanna go léir.
3. Leanúint le tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt agus d'fheidhmiú éifeachtach na gCaighdeán Náisiúnta Dearbhaithe Cáilíochta d'earnáil na hoibre don ógra.
4. Feidhmiú seasmhach nósanna imeachta maidir le dearbhú cáilíochta sna cláir oideachais agus oiliúna go léir ag gach leibhéal a chinntiú.
5. Leanúint lenár scoileanna/coláistí/ionaid a ullmhú do chigireacht sheachtrach, do chuairteanna monatóireachta dearbhaithe cáilíochta agus feidhmiú éifeachtach moltaí/torthaí na cigireachta/cuairteanna sin a chinntiú.

## SPRIOC 2 : Teagasc agus Foghlaim ar Ardchaighdeán

**Fócas: Feabhas leanúnach a chur ar an acmhainn teagaisc agus foghlama agus cultúr a chur chun cinn lena mbaineann feabhas leanúnach agus foghlaim eagraíochta ionas go mbíonn muinín ag gach páirtí leasmhar as ardchaighdeán agus ábharthacht na gclár agus na gcúrsaí.**

1. Tacú le agus straitéisí dearbhaithe cáilíochta d'Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (CPD) a fhorbairt dóibh siúd go léir atá bainteach le seachadadh cláir.
2. Tacú le agus acmhainní a chur ar fáil do chleachtais teagaisc agus foghlama cuimsitheach/difreálach inár scoileanna/coláistí/ionaid agus cláir go léir.
3. Tacú le forbairt iomlánaíoch daltaí agus foghlaimeoirí trí chorpoideachas ar ardchaighdeán a sholáthar ag gach leibhéal, m.sh. bunscoil, iar-bhunscoile, breisoideachas agus oiliúint.
4. Cultúr nuálaíochta agus cleachtas athmhachnaimh a chur chun cinn, lena n-áirítear, forbairt a dhéanamh ar líonraí foghlama, pobail cleachtais agus comhroinnt dea-chleachtas.
5. Teicneolaíochtaí nua agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn a chomhtháthú chun an caighdeán teagaisc agus foghlama a fheabhsú.
6. Deiseanna a chruthú chun daltaí/foghlaimeoirí a éascú chun pleanáil ghníomhach a dhéanamh agus athbhreithniú a dhéanamh ar a gcuid foghlama.
7. Cultúr a chruthú ina ndéantar ceiliúradh ar bharr feabhais agus ar an méid atá á bhaint amach ag an bhfoireann agus ag na foghlaimeoirí araon.
8. Cur chuige a chur i bhfeidhm i leith an churaclaim agus i leith forbairt cláir ina gcuirtear béim ar shaincheapadh ábhar do riachtanais na bhfoghlaimeoirí, na bhfostaithe, na bpobal agus príomhthosaíochtaí scileanna réigiúnacha.
9. A chinntiú go mbíonn ar chumas gach dalta agus foghlaimeoir de chuid BOO Chiarraí foghlaim i dtimpeallacht foghlama atá sábháilte agus nua-aimseartha.
10. Treoirlínte folláine náisiúnta a leanúint agus a chur chun cinn agus a chinntiú go bhfuil tacaíocht leordhóthanach ar fáil do dhaltaí, do mhic léinn agus d'fhoghlaimeoirí..

## SPRIOC 3 : Freagraí Nuálacha Oideachais agus Oiliúna

**Fócas: Réitigh agus freagraí nuálacha agus cruthaitheachta a fhorbairt chun freastal ar riachtanais fhoghlama agus forbartha atá ag daoine óga agus ag daoine fásta i sochaí atá ag síorathrú.**

1. Freagairt ar bhonn leanúnach don déimeagrafach i gCiarraí atá ag athrú agus pleanáil a dhéanamh dár soláthar seirbhíse dá réir sin, sa chás gur indéanta.
2. Freagairt go héifeachtach do riachtanais fostóirí agus an gheilleagair trí réitigh nuálacha agus chruthaitheacha.
3. Ár n-acmhainneacht a fhorbairt chun a bheith freagrach do shochaí ilchultúrtha.
4. Leanúint le hathnuachan agus forbairt a dhéanamh ar fhreagraí nua chun rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí oideachais agus oiliúna a fheabhsú.
5. Úsáid deiseanna foghlama solúbtha a chur chun cinn, lena n-áirítear, soláthar ar líne, soláthar cumaisc, seimeastar agus clár tráthnóna.
6. I gcomhar le SOLAS agus ag teacht leis an Straitéis Breisoideachais agus Oiliúna 2014- 2019, cláir oideachais agus oiliúna a aithint chun daoine óga agus aosaigh a ullmhú do dhul chun cinn agus do dheiseanna fostaíochta amach anseo.
7. Forbairt straitéisí a spreagadh agus acmhainní a chur ar fáil dóibh chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá i ndán do dhaltaí atá ag aistriú ón gcóras bunscoile go hiar-bhunscoileanna agus coláistí.
8. Leanúint le tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt freagraí i leith obair óige i gCiarraí atá bunaithe ar riachtanais.

## SPRIOC 4 : Rochtain agus Dul Chun Cinn

**Fócas: Tacú le daltaí agus le foghlaimeoirí deiseanna oideachais agus oiliúna a thapú agus páirt leanúnach a ghlacadh iontu agus dul chun cinn a dhéanamh ó thaobh cúrsaí oideachais, fostaíochta agus/nó forbartha pearsanta.**

1. Aitheantas a thabhairt d'fhoghlaim roimh ré ag teacht le treoirlínte náisiúnta chun rochtain chuig cláir oideachais agus oiliúna a éascú.
2. Tacaíocht oideachais agus gairmthreorach a sholáthar d'fhoghlaimeoirí chun cur an méid is fearr is féidir le deiseanna rochtana agus dul chun cinn.
3. Feabhas a chur ar straitéisí rollaithe foghlaimeora laistigh den FET chun cur an méid is fearr is féidir le socrúchán, rannpháirtíocht agus coinneáil ar chláir foghlaimeora.
4. Úsáid níos éifeachtaí a bhaint as teicneolaíocht chun dul chun cinn agus torthaí foghlaimeora a rianú.
5. Straitéisí a chur i bhfeidhm agus acmhainní a thiomnú chun a chinntiú go mbíonn litearthacht croíláir (litearthacht, uimhearthacht, smaointeoireacht chriticiúil, litearthacht dhigiteach agus ríomhaireachta agus scileanna fostaíochta) neadaithe laistigh de chláir agus de chúrsaí.
6. Sraith tacaíochtaí foghlaimeora a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear, tacaíochtaí míchumais, socrúcháin agus cur ar aghaidh chuig gníomhaireachtaí eile chun aghaidh a thabhairt ar na bearnaí i leith rannpháirtíochta, coinneála agus dul chun cinn.


REGATTA


07-KY-5843

## SPRIOC 5 : Comhpháirtíochtaí Torthúla a Fhorbairt

**Fócas:** **Forbairt a dhéanamh ar chomhpháirtíochtaí nua agus feabhas a chur ar chomhpháirtíochtaí reatha le comhlachtaí ábhartha ar an leibhéal áitiúil, pobail, náisiúnta agus idirnáisiúnta chun cur an méid is fearr is féidir lenár n-acmhainneacht freastal ar riachtanais oideachais, oiliúna agus ar obair óige i gCiarraí.**

1. Leanúint le caidreamh éifeachtach a fhorbairt le comhlachtaí fostóra, ceardchumainn agus gníomhaireachtaí ábhartha eile chun taithí oibre ar ardchaighdeán agus socrúcháin a chur ar fáil do na daltaí agus do na foghlaimeoirí.
2. Leanúint den dlúthobair i gcomhar leis an Roinn Oideachais, leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, leis an Roinn Coimirce Sóisialaí, le TUSLA, le SOLAS, le Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) agus le Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann.
3. Leanúint den dlúthobair i gcomhar le ceardchumainn ábhartha chun feabhas a chur ar chaighdeán na seirbhísí a chuirtear ar fáil.
4. Leanúint den athbhreithniú, agus den leasú de réir mar is cuí, ar na próisis, na prótacail agus na nósanna imeachta atá ar bun againn maidir le cúrsaí comhpháirtíochta.
5. Caidreamh dlúth a spreagadh agus a chothú le comhlachtaí reachtúla ábhartha eile agus le heagraíochtaí deonacha ógra agus pobail chun feabhas a chur ar na seirbhísí don ógra.
6. Caidreamh a chothú le gníomhaireachtaí idirnáisiúnta agus comhpháirtíocht a chothú trí chláir de chuid an Aontais Eorpaigh.
7. Oibriú i gcomhar le Comhpháirtíocht Áineasa agus Spóirt Chiarraí chun rannpháirtíocht níos minice agus níos forleithne i gcúrsaí spóirt agus aclaíochta a bhaint amach.
8. Oibriú i gcomhar le heagraíochtaí i réimse na hEalaíne chun an ealaín a chur chun cinn i gcúrsaí oideachais.
9. Naisc a fhorbairt le fostóirí chun freagraí éifeachtacha i leith a gcuid riachtanas i ngeilleagar atá ag athrú a chinntiú.
10. Comhoibriú go dlúth i bpáirt leis an gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil chun a chinntiú go gcuirtear ar bhealach níos cónasctha leis na cláir forbartha áitiúla agus pobail a chur i bhfeidhm.

## SPRIOC 6 : Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara

**Fócas:** **Communicating with learners, staff, employers, partners, the community and other agencies and education providers to enhance the quality, focus and relevance of our services.**

1. Athbhreithniú agus feabhas a chur ar gach ceann de chomhairlí na ndaltaí i ngach scoil, coláiste agus ionad.
2. Athbhreithniú agus feabhas a chur ar chomhairle na dtuismitheoirí i ngach scoil, coláiste agus ionad.
3. Leanúint den fhorbairt ar mhodhanna saincheaptha comhairliúcháin den uilechuimsitheacht leis na páirtithe leasmhara go léir.
4. Rannpháirtíocht i gcomhrá straitéiseach le SOLAS chun straitéisí náisiúnta agus áitiúla i leith breisoideachais agus oiliúna a chur i bhfeidhm.
5. Leanúint d'úsáid a bhaint as an aiseolas ó pháirtithe leasmhara mar fhaisnéis maidir le cineálacha na seirbhísí a chuirtear ar fáil agus feabhas a chur ar an soláthar reatha.
6. Leanúint le feabhas a chur ar an straitéis rannpháirtíochta fostóra chun ailíniú níos fearr a bhaint amach le riachtanais na bhfostóirí lenár straitéisí forbartha scileanna.
7. Leanúint leis an gcomhrá le comhlachtaí dámhachtainí, lena n-áirítear, an QQI chun feabhas a chur ar na deiseanna foghlama atá ar fáil d'fhoghlaimeoirí.
8. Caidreamh éifeachtach a chothú leis an bhfoireann ionas go bhfeabhsaítear caighdeán na seirbhíse, go gcuirtear leis an inniúlacht agus leis an acmhainn feidhme agus go mbaintear barr feabhais amach maidir leis an mbealach a bpléitear le daoine.
9. An obair maidir le rannpháirtíocht páirtithe leasmhara a mheas chun pleanáil chónasctha a spreagadh chomh maith le cláir agus seirbhísí a shásaíonn riachtanais i gCiarraí.

## SPRIOC 7 : Éifeachtacht agus Cuntasach i gCúrsaí Rialachais agus Ceannaireachta

**Fócas: A chinntiú go mbíonn na próisis bhainistíochta agus riaracháin ag fáil tacaíocht éifeachtach faoi na haidhmeanna straitéiseacha agus a chinntiú go mbíonn na caighdeáin is airde cuntasachta, comhlíontachta agus trédhearcachta á mbaint amach.**

1. Athbhreithniú agus beachtú a dhéanamh ar an gcumarsáid inmheánach reatha chun straitéis chumarsáid inmheánach stuama a chuireann ár spriocanna straitéiseacha in iúl, a dhéanann soiléiriú ar struchtúir, róil agus freagrachtaí eagraíochtúla ag gach leibhéal agus a thugann léiriú ar an bpróiseas cinnteoireachta.
2. Athbhreithniú agus feabhas a chur ar struchtúir agus ar phróisis chun éifeachtúlacht na heagraíochta a fheabhsú agus cé chomh maith is a dhéanaimid cumarsáid lenár bpáirtithe leasmhara.
3. Athbhreithniú agus feabhas a chur ar chleachtais agus ar bheartais reatha acmhainní daonna chun freastal ar riachtanais straitéiseacha BOO Chiarraí.
4. Acmhainneacht agus inniúlacht ceannaireachta, bainistíochta agus maoirseachta a fhorbairt chun ár spriocanna straitéiseacha a bhaint amach.
5. Cur leis an gcumas pleanála maidir le hacmhainní agus leis an gcumas bainistíochta maidir le cúrsaí oibriúcháin ar gach leibhéal den eagraíocht. Bainfear leas as oiliúint agus as forbairt ghairmiúil leanúnach (CPD) agus as struchtúir eagrúcháin níos oiriúnaí.
6. Feabhas a chur ar na córais faisnéise bainistíocht chun sonraí a sholáthar atá cothrom le dáta, ábhartha agus cruinn ar fud na heagraíochta agus feabhas a chur ar phleanáil, ar sholáthar seirbhíse agus a oireann dár straitéis.
7. Leanúint le comhlíontacht straitéiseach agus acmhainn rialachais an Bhoird agus na gcoistí gaolmhara a fhorbairt
8. Cultúr a chothú lena ngabhann feabhsú leanúnach agus cleachtas athmhachnaimh.

## SPRIOC 8 : Margaíocht, Brandáil agus Cumarsáid

**Fócas: Margaíocht éifeachtúil a dhéanamh ar na seirbhísí, an branda a fhorbairt agus cumarsáid a dhéanamh leis na páirtithe leasmhara go léir.**

1. Iniúchadh agus athbhreithniú a dhéanamh ar chumarsáid reatha go léir BOO Chiarraí agus ar straitéisí agus meicníochtaí caidrimh phoiblí
2. Feidhm chumarsáide tiomanta a chruthú laistigh de BOO Chiarraí chun feabhas a chur ar chumarsáid inmheánacha agus seachtrach.
3. Caidreamh poiblí agus straitéis mhargaíochta BOO Chiarraí a fhorbairt chun brandáil, fógraíocht agus earcú foghlaimeora a fheabhsú.
4. Scéim Teanga BOO Chiarraí a chur i bhfeidhm.
5. Straitéis a fhorbairt chun úsáid níos éifeachtaí a bhaint as teicneolaíocht meáin shóisialta chun an eagraíocht a bhrandáil agus a chur chun cinn.
6. Aip leathan BOO Chiarraí a fhorbairt lena úsáid ag lucht féachana seachtrach agus inmheánach.
7. Raon leathan roghanna dul chun cinn foghlaimeora a fhorbairt laistigh de chláir BOO Chiarraí.
8. Foilseacháin chuí a fhorbairt agus a ullmhú i leagan amach éagsúla inrochtana do dhaltaí agus do thuismitheoirí a shainmhíníonn an córas dámhachtainí, an comhlacht dámhachtainí, an measúnú atá riachtanach chun an dámhachtain a bhaint amach agus na roghanna dul chun cinn a bhaineann leis an dámhachtain.
9. An cur chuige foriomlán maidir le cumarsáid inmheánach agus seachtrach a fheabhsú.

## SPRIOC 9 : An Timpeallacht Oibre agus Foghlama a Fheabhsú

**Fócas:** **Forbairt agus feabhsú leanúnach ar na deiseanna oiliúna agus forbartha agus ar na háiseanna atá ar fáil don fhoireann ionas go bhfeabhsaítear an timpeallacht ina n-oibríonn comhaltaí na foirne agus ina bhfoghlaimíonn foghlaimeoirí.**

1. Creidiúnú Scothsheirbhís ó Scothfhostaithe a bhaint amach ar fud na heagraíochta.
2. Tabhairt faoi athbhreithniú eagraíochta a dhíríonn ar bheartais, struchtúir agus ar róil lena chinntiú go n-oireann siad go maith le straitéis oideachais agus oiliúna BOO Chiarraí.
3. Leanúint de chláir shonracha oiliúna agus forbartha a cheapadh agus a chur ar fáil chun soláthar do na riachtanais a aithnítear tríd an bpróiseas maidir le bainistíocht feidhmíochta.
4. Leanúint le tacaíocht a thabhairt don scéim leas foirne agus cuidiú le deiseanna forbartha gairme agus aistrithe poist ag comhaltaí foirne.
5. Leanúint de chláir agus de straitéisí coisctheacha agus réamhghníomhacha a fhorbairt chun dea-shláinte meabhrach a chothú i measc na ndaltaí, na bhfoghlaimeoirí agus na gcomhaltaí foirne.
6. Cur an méid is fearr is féidir lenár saoráid agus tabhairt faoi iniúchadh rialta sláinte agus sábháilteachta chur cur le caighdeán na hoibre agus leis na timpeallachtaí foghlama.
7. Cláir agus acmhainní a fhorbairt chun tacú le Forbairt Ghairmiúil leanúnach do chláir.
8. A chinntiú, laistigh de na hacmhainní atá curtha ar fáil, go bhfuil gach ceann de na foirgnimh oiriúnach do riachtanais na seirbhíse atá á gcur ar fáil.
9. Tosaíocht a thabhairt do thionscadail chaipitil/foirgnimh a thacaíonn le comhtháthú níos fearr maidir le Cláir Breisoideachais agus Oiliúna a sheachadadh.

**Tábla 19:** Comhaontú Seachadta Feidhmíochta

| COMHAONTÚ SEACHADTA FEIDHMÍOCHTA | | |
|---|---|---|
| **SPRIOC 1 : CUR AN MÉID IS FEARR IS FÉIDIR LE TAITHÍ DALTA/FOGHLAIMEORA** | | **Sprioc Tagartha an Ráitis Straitéise** |
| **1.1** | Taithí foghlama dearfach a sholáthar do gach foghlaimeoir, lena n-áirítear, foghlaimeoirí ó ghrúpaí atá ar an imeall. | 2/4 |
| **1.2** | Curaclam cur chuige leathan a sholáthar | 2/3 |
| **1.3** | Córais Dearbhaithe Cáilíochta a chur i bhfeidhm | 1/8 |
| **1.4** | Tacú le daltaí/foghlaimeoirí atá i mbaol ó thaobh míbhuntáiste oideachais ag teacht leis an mbeartas náisiúnta reatha | 2/4 |
| **1.5** | Seirbhísí treoracha agus comhairleoireachta a sholáthar | 2/4/9 |
| **1.6** | Saoráidí foghlama/oiliúna ar ardchaighdeán a sholáthar | 1/4/2/9 |
| **1.7** | Oideachas allamuigh a chur chun cinn agus a fhorbairt | 2/8 |
| **1.8** | Pleanáil a dhéanamh do dhéimeagrafach atá ag athrú | 3/4 |
| **1.9** | Rannpháirtíocht éifeachtach le fostóirí | 5/6 |
| **1.10** | Cláir oiliúna agus printíseachta a sholáthar agus a fhorbairt | 1/2/3/6 |
| **1.11** | A chinntiú go mbíonn na bearta cosanta leanaí go léir atá riachtanach i bhfeidhm de réir na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017 | 1/2 |
| **1.12** | Tosaíocht a thabhairt do STEM/STEAM i scoileanna | 2/3 |
| **1.13** | Tacaíochtaí foghlama ICT ar ardchaighdeán a sholáthair sna scoileanna/ionaid | 2/3 |
| **SPRIOC 2 : TACAÍOCHT FOIRNE** | | **Sprioc Tagartha an Ráitis Straitéise** |
| **2.1** | Earcú agus coinneáil foirne | 8/9 |
| **2.2** | Tacaíocht a thabhairt don fhoireann ó thaobh forbairt ghairmiúil leanúnach | 2/6/7/8/9 |
| **2.3** | Tacú le ceannaireacht ar ardchaighdeán a fhorbairt sa BOO | 7/9 |
| **2.4** | Feasacht ar shláinte agus ar shábháilteacht a chur chun cinn | 7/9 |
| **2.5** | Timpeallacht oibre atá tacúil agus dearfach a sholáthar | 6/7/9 |
| **2.6** | Tacú le folláine na foirne | 3/6/7/9 |
| **SPRIOC 3 : RIALACHAS** | | **Sprioc Tagartha an Ráitis Straitéise** |
| **3.1** | Struchtúir agus córais eagraíochtúla a fhorbairt chun freastal ar riachtanais na heagraíochta atá ag athrú | 7 |
| **3.2** | Bainistíocht éifeachtach a dhéanamh ar airgeadas agus riosca | 7 |
| **3.3** | Acmhainní a úsáid go héifeachtúil | 7 |
| **3.4** | Cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach | 7/8 |
| **3.5** | Comhaontú seirbhísí a fhorbairt le páirtithe leasmhara seachtracha | 5/6 |
| **3.6** | Cosaint sonraí éifeachtach a chinntiú | 7 |
| **3.7** | Rannpháirtíocht éifeachtach páirtithe leasmhara agus comhpháirtíochtaí a fhorbairt | 5/6 |
| **3.8** | Dea-chleachtas ó thaobh soláthar a leanúint | 7 |
| **3.9** | Comhlíontacht a chinntiú le ceanglais reachtúla agus rialála | 7 |
| **3.10** | Comhlíontacht a chinntiú le Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017 | 1/2 |
| **SPRIOC 4 : CLÁIR CHOSANTA** | | **Sprioc Tagartha an Ráitis Straitéise** |
| **4.1** | Cuidiú le DES, de réir mar is gá, chun freastal ar riachtanais atá ag eascairt as Clár Cosanta na hÉireann do Dhídeanaithe agus soláthar a dhéanamh d'iarratais ar cosaint idirnáisiúnta | 3 |